Irish

Bileog Eolais do Thuistí faoin Vacsaín Ceithre Ghalar

(Le haghaidh leanaí atá 4 – 5 bliana d'aois)

Céard í an Vacsaín Ceithre Ghalar?

Is í an Vacsaín Ceithre Ghalar an t-ainm a thugtar ar an vacsaín a chuireann cosaint ar fáil ar Dhiftéire, Polaimiailítis, Teiteanas agus Triuch. Tugtar an vacsaín trí instealladh. Spreagann an vacsaín an córas imdhíonachta, chun do leanbh a chosaint ar na galair seo.

Céard iad na galair seo?

Is ionann **Diftéire** agus galar baictéarach a d'fhéadfadh cumhdach tiubh a chruthú sa tsrón, sa scórnach nó san aer-phíobán. Airíonna coitianta a bhíonn i gceist ná scórnach thinn, teocht ard, tinneas cinn agus ráta croí gasta. Aimhréidh a bhíonn i gceist ná teip croí, pairilis, fadhbanna anála tromchúiseacha nó deacracht le slogadh.

Is ionann **Teiteanas** (“Glas géill”) agus galar a chruthaíonn freanga matán phianmhar agus d'fhéadfadh taomanna nó deacrachtaí anála a bheith mar thoradh air.

Is ionann **Polaimiailítis** agus ionfhabhtú víreasach a théann i bhfeidhm ar an gcóras nearógach agus d'fhéadfadh pairilis a bheith mar thoradh air.

Is ionann **Triuch** agus ionfhabhtú baictéarach a chruthaíonn casacht ghreannach, rud a chruthaíonn roinnt casachta ghlórmhaire. D'fhéadfadh casacht treacha ar leith a bheith i gceist. D'fhéadfadh deacrachtaí móra anála chomh maith le teip croí nó scamhóg a bheith mar thoradh air.

Is tinnis thromchúiseacha iad na rudaí thuas go léir, a d'fhéadfadh a bheith ina dtrúig bháis.

Cé na daoine a bhfuil an vacsaín ceithre ghalar de dhíth orthu?

Moltar an vacsaín ceithre ghalar le haghaidh gach linbh atá 4-5 bliana d'aois. Ba cheart go mbeadh vacsaíní tugtha do do leanbh, a chosnódh iad ar na galair seo ag dhá, ceithre agus sé mhí d'aois (Vacsaín cúig ghalar). Moltar an vacsaín seo (Vacsaín

ceithre ghalar) le tacú le cosaint do linbh ar Dhiftéire, Teiteanas, Polaimiailítis agus Triuch. Má tá aon fhiosrú agat faoi vacsainiú do linbh, déan é a phlé le do dhochtúir ginearálta, altra sláinte poiblí nó ball d'fhoireann vacsaínithe scoile Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS).

Cé a thugann an vacsaín?

Sa chuid is mó cásanna, bíonn an vacsaín á tairiscint mar chuid den chlár vacsaínithe scoile agus seolfaidh FSS fógra agus foirm toilithe trí scoil do linbh. Sna contaetha An Cábhán, Dún na nGall, Gaillimh, Liatroim, Maigh Eo, Muineachán, An Mhí, Lú, Sligeach agus codanna de Thuaisceart Bhaile Átha Cliath, ní féidir an vacsaín ceithre ghalar a thairiscint mar chuid den chlár vacsaínithe scoile, ach bheadh sí ar fáil ó do dhochtúir ginearálta. Sa chás seo, gheobhaidh tú litir ó FSS a iarrfaidh ort cuairt a thabhairt ar do dhochtúir ginearálta nuair atá an vacsaín ag teastáil.

Céard a tharlaíonn má chailleann mo leanbh an lá vacsaínithe scoile?

Is féidir an vacsaín a fháil go fóill. Socróidh FSS é chun go ndéanfar vacsaíniú ar do leanbh ag clinic speisialta nó is féidir go n-iarrfar ort do leanbh a thabhairt ag do dhochtúir ginearálta don vacsaíniú.

Céard is féidir a bheith ag súil leis tar éis an vacsaínithe?

Is beag leanbh a mbíonn fadhbanna aige/aici tar éis an insteallta seo. D'fhéadfadh tinneas, at agus deirge áirithe teacht ar leanaí áirithe ar áit an insteallta. Is annamh go mbeadh an leanbh cantalach agus go mbeadh fiabhras air/uirthi. Má tharlaíonn sé seo, is féidir paraicéiteamól nó iobúpróifein a thabhairt dó/di (téigh i gcomhairle le do phoitigéir). Ba cheart go leor le n-ól a thabhairt dó/di chomh maith. Bí cinnte nach bhfuil sé/sí ró-the agus nach bhfuil a c(h)uid éadaí ag cuimilt i gcoinne áit an insteallta.

An mbíonn aon chás ann nuair ba cheart an vacsaín ceithre ghalar a chur siar?

Is vacsaín shábháilte í an vacsaín ceithre ghalar. Is gá duit labhairt le foireann vacsaínithe scoile FSS nó le dochtúir ginearálta sula bhfaightear an vacsaín má:

- Tháinig frithghníomhú ailléirgeach tromchúiseach ar do leanbh mar gheall ar dháileog vacsaíne roimhe seo.

Irish

- Tháinig frithghníomhú ailléirgeach tromchúiseach ar do leanbh le hantaibheathach. (go háirithe streiptimícin nó polymyxin B)
- Tá fiabhras ar do leanbh; is é sin, teocht atá níos airde ná 38°C nó 100°F

D'fhéadfaí an vacsaín MMR a thairiscint duit (bruitíneach, leicneach agus bruitíneach dhearg) ag 4-5 bliana d'aois. Is sábháilte an rud é go bhfaigheadh do leanbh an vacsaín MMR ag an am céanna leis an vacsaín ceithre ghalar.

Féach ar an "Bileog Eolais MMR do Thuistí" le haghaidh a thuilleadh eolais.

Le haghaidh a thuilleadh eolais

Téigh i dteagmháil le foireann vacsaínithe scoile FSS, altra sláinte poiblí nó dochtúir ginearálta.

Faigh cóip de “Indhíonú mo linbh – Treoir do thuistí”, rud atá ar fáil ó d'altra sláinte poiblí.

Tabhair cuairt arwww.immunisation.ie nó www.hpsc.ie

Arna fhoilsiú ag: Oifig Náisiúnta FSS um Imdhíonú

Dáta: Lúnasa 2007